Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**9258/20**

**ENER 224**
**ENV 387**
**CLIMA 133**
**ECOFIN 549**
**RECH 246**
**FIN 421**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 1 Iúil 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9163/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ''Energy efficiency in buildings: greater focus on cost-effectiveness still needed'' [Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh: is mó fós a chaithfear díriú ar an gcostéifeachtacht]<br>– Conclúidí ón gComhairle (1 Iúil 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Energy efficiency in buildings: greater focus on cost-effectiveness still needed* [Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh: is mó fós a chaithfear díriú ar an gcostéifeachtacht] a d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh trí nós imeachta i scríbhinn an 1 Iúil 2020.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Energy efficiency in buildings: greater focus on cost-effectiveness still needed* [Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh: is mó fós a chaithfear díriú ar an gcostéifeachtacht]**

Á MHEABHRÚ DI an pacáiste reachtach dar teideal *Clean Energy for all Europeans* [Fuinneamh Glan do gach Eorpach], lena socraítear an creat chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 a chur chun feidhme maidir le laghduithe ar ghás ceaptha teasa, méaduithe ar fhuinneamh inathnuaite, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar idirnaisc leictreachais,

Á MHEABHRÚ DI go háirithe an Treoir leasaitheach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2018/2002/AE,

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. GABHANN SÍ BUÍOCHAS LE Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2020 dar teideal *Energy efficiency in buildings: greater focus on cost-effectiveness still needed* [Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh: is mó fós a chaithfear díriú ar an gcostéifeachtacht],

2. AITHNÍONN SÍ an ríthábhacht atá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus, san am céanna, ráta athchóirithe níos tapúla a bhaint amach má tá an tAontas le príomhsprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030, arb é 32.5 % ar a laghad é, a bhaint amach,

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta, agus molann sí don Choimisiún na moltaí sin a leanúint.

Déanann sí an méid seo a leanas go háirithe:

4. MOLANN SÍ don Choimisiún tuilleadh forbartha a dhéanamh maidir le hinfheistíochtaí le haghaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh a phleanáil agus a spriocdhíriú sula bhformheasfaidh sí cláir lena gcaithfear cistí beartais chomhtháthaithe. Ba cheart a cheadú, le hanailís an Choimisiúin, go gcuirfí ionstraimí airgeadais i bhfeidhm chun coinníollacha sonracha a chomhlíonadh ar fud na mBallstát, lena n-áirítear dálaí an mhargaidh, agus buntáiste a thabhairt don aistriú fuinnimh. Ba cheart don Choimisiún a mheas freisin cé acu atá nó nach bhfuil na cláir maidir le cistí beartais chomhtháthaithe i gcomhréir leis na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus leis na straitéisí náisiúnta athchóirithe fadtéarmacha, agus cur chun cinn breise na n-infheistíochtaí do théarnamh eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19 á chur san áireamh ag an am céanna,

5. MOLANN SÍ don Choimisiún modheolaíocht a bhunú chun an coigilteas fuinnimh is toradh le húsáid chistí an Aontais a mheas,

6. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an treoir a thugann sé d'údaráis bhainistíochta na mBallstát a threisiú a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta roghnúcháin tionscadal a fheabhsú agus costais choibhneasta agus buntáistí iomadúla na dtionscadal sin a mheasúnú,

7. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart an treoir atreisithe thuasluaite de chuid an Choimisiúin a chur ar bun in am do chláir beartais chomhtháthaithe 2021-2027,

8. MOLANN SÍ don Choimisiún creat níos toradh-dhírithe a dhéanamh den chreat feidhmíochta chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh an Aontais agus ar an rannchuidiú le hilchuspóirí beartais, agus costéifeachtacht saolré mar aon le tairbhí iomadúla na n-infheistíochtaí chomh maith le feabhsuithe ar chuntasacht á gcur san áireamh freisin.

---